



An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2016
(OR. en)

9644/16

SPORT 25
SOC 365
ECOFIN 524
JUR 261
FISC 91

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	31 Bealtaine 2016
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9069/16 SPORT 21 SOC 266 ECOFIN 407 JUR 227 FISC 80
Ábhar:	Feabhas a chur ar shláine, trédhearcacht agus dea-rialachas i mórimeachtaí spóirt - <i>Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle (31 Bealtaine 2016)</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, i dtaca le feabhas a chur ar shláine, trédhearcacht agus dea-rialachas i mórimeachtaí spóirt, a ghlac an Chomhairle ag an 3471ú cruinniú a bhí aici ar an 30 agus 31 Bealtaine 2016.

Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, i dtaca le feabhas a chur ar shláine, trédhearcacht agus dea-rialachas i mórimeachtaí spóirt

AG TABHAIRT DÁ nAIRE

1. An rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ar an 21 Bealtaine 2014, maidir le plean oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2014-2017), a bhfuil sláine an spóirt mar cheann dá thrí phríomhthosaíocht;
2. Na prionsabail maidir le dea-rialachas sa spórt a chuir an Sainghrúpa maidir le Dea-rialachas ar fáil in 2013 agus na prionsabail threoracha maidir leis an daonlathas, le cearta an duine agus le cearta saothair, go háirithe i gcomhthéacs nós imeachta na dámhachtana le haghaidh mórimeachtaí spóirt, a chuir an grúpa saineolaithe sin ar fáil i mí Eanáir 2016¹;
3. Na moltaí maidir le mórimeachtaí spóirt, go háirithe maidir le gnéithe leagáide, ina leagtar béim ar inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil, arna chur ar fáil ag an Sainghrúpa maidir leis an nGné Eacnamaíoch den Spórt i mí Eanáir 2016²;

¹ 14183/13 agus an Sainghrúpa maidir le Dea-rialachas (XG GG) - Prionsabail threoracha maidir leis an daonlathas, le cearta an duine agus le cearta saothair, go háirithe i gcomhthéacs nós imeachta na dámhachtana le haghaidh mórimeachtaí spóirt, doiciméad críochnaitheach an 13 Eanáir 2016.

² An Sainghrúpa maidir leis an nGné Eacnamaíoch den Spórt (XG ECO) - Moltaí maidir le mórimeachtaí spóirt, go háirithe maidir le gnéithe leagáide, ina leagtar béim ar inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil. (An tuarascáil ó XG ECO).

4. Tionscnaimh dhomhanda³, lena n-áirítear tionscnaimh de chuid na gluaiseachta domhanda spóirt, amhail Clár Oibre na gCluichí Oilimpeacha 2020 a ghlac an Coiste Idirnáisiúnta Oilimpeach i rith a 127ú seisiúin a tionóladh ar an 12 Nollaig 2014, ina bhfuil moltaí ina dtugtar aird shuntasach ar shaincheisteanna sláine agus ina mbunaítear forbairt inbhuanaithe mar chuid lárnach de mhóirmeachtaí spóirt, lena n-áirítear na Cluichí Oilimpeacha⁴;

Á ÁITIÚ AN MÉID SEO A LEANAS DÓIBH:

5. Is deis tharraingteach iad mórimeachtaí spóirt⁵ chun an fheidhmíocht, na luachanna agus na tairbhí a chineann ón spórt sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomóradh. Féadann mórimeachtaí spóirt a bheith mar shuaitheantas fóinteach don spórt agus tarraingíonn siad aird ollmhór lucht spóirt, gheallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne, agus d'fhéadfadh siad daoine fásta agus leanaí a spreagadh le páirt a ghlacadh sa spórt;
6. Féadann mórimeachtaí spóirt ról tábhachtach a imirt i bhforbairt an réigiúin nó na cathrach agus barr raidhsiúil a thabhairt ó thaobh an tionchair eacnamaíoch agus an tionchair shóisialta, mar aon leis an tionchar ar an gcomhshaol, má dhéantar é sin a phleanáil go cáiréiseach ag an gcéim is luaithe is féidir. D'fhéadfadh tábhacht as cuimse a bheith ag roinnt le leagáid agus le hinbhuanaitheacht na mórimeachtaí spóirt, go háirithe an méid a bhaineann lena ndlisteanú agus le tacaíocht a thabhairt dóibh;

³ Mar shampla, Dearbhú Bheirlín a glacadh ag an 5ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na nAirí agus na nOifigeach Sinsearach atá freagrach as an gCorpoideachas agus an Spórt (MINEPS V) ar an 28-30 Bealtaine 2013.

⁴ An Coiste Idirnáisiúnta Oilimpeach (2014): *Clár Oibre na gCluichí Oilimpeacha 2020, 20 + 20 moladh*.

⁵ Is é an sainmhíniú a thugann Sainghrúpa an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGné Eacnamaíoch den Spórt ar 'mhóirmeacht spóirt' imeacht arna eagrú ag tír, ag réigiún nó ag cathair amháin is ósta nó ag roinnt acu agus ar a bhfreastalaíonn toscaireachtaí idirnáisiúnta éagsúla, a bhfuil sé d'aidhm acu spórt amháin nó roinnt spórt a chleachtadh. Is minic a bhíonn dúshlán mhóra agus dúshlán lóistíochtúla ag roinnt leis na himeachtaí sin. Bíonn an-tóir ar mhóirmeachtaí spóirt sna meáin idirnáisiúnta, bíonn na mílte daoine, lena n-áirítear an lucht tacaíochta, iriseoirí, foirne teicniúla agus oifigigh, i láthair, agus is minic a ritear thar roinnt laethanta as a chéile iad.

7. I gcomhthéacs mórimeachtaí spóirt, tarraingítear saincheisteanna ábhartha maidir le sláine agus le rialachas, amhail cinnteoireacht dhaonlathach thrédhearcach, cuntasacht, forbairt inbhuanaithe agus leagáid dhearfach, cearta an duine, lena n-áirítear cearta an linbh, cearta na n-oibrithe agus comhionannas idir fir agus mná, mar aon le cosc a chur ar gach cineál idirdhealaithe agus ar na bagairtí ar shláine an spóirt, amhail dópáil, cúbláil cluichí agus foréigean;
8. I ngeall ar an aird a tharraingíonn mórimeachtaí spóirt agus an méid mór atá i gceist leo ó thaobh cúrsaí airgeadais agus eacnamaíochta de, tá an baol ann go bhféadfaí próisis a fheidhmiú orthu a chuirfeadh sláine an spóirt faoi smál – rud a chiallaíonn nach ardán le haghaidh sláine, thrédhearcachta agus dea-rialachais, lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus leagáid, amháin atá i mórimeachtaí spóirt ach cás suntasach tástála i ndáil leis na nithe sin uile;

TÁ SIAD EOLASACH FAOI NA NITHE SEO A LEANAS:

9. Na dúshláin a bhíonn ag eagraíochtaí spóirt agus ag údaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, ag cuideachtaí, ag na meáin agus ag comhpháirtithe eile maidir le forálacha agus le saoráidí inbhuanaithe a dhéanamh agus leis na socruithe cuí maidir le mórimeacht spóirt a dhéanamh ó thús deireadh (indéantacht, tairiscint, eagrú, meastóireacht, leagáid);
10. Maidir le roinnt cásanna, thrédhearcacht theoranta na n-eintiteas dámhachtana agus tairisceana araon sna nósanna imeachta agus sna próisis chinnteoireachta le linn céimeanna uile mórimeachtaí spóirt; agus cur chun feidhme teoranta phrionsabail an dea-rialachais i measc cónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt;
11. Na ceanglais airgeadais, theicniúla, pholaitiúla agus reachtacha agus na costais lena mbaineann⁶ a ghabhann le mórimeachtaí spóirt, mar aon le tairiscintí atá ag éirí níos iomaíche agus, b'fhéidir, 'ró-thairiscint', a mbíonn ardú comhfhreagrach ar chostais óstála mar thoradh orthu agus, ar an gcaoi sin, tíortha agus cathracha beaga de chuid an Aontais a bheith á n-eisiamh ó thairiscint a chur isteach ar na himeachtaí sin agus ar a n-óstáil;

⁶ Mar shampla, costais oibriúcháin agus costais bhonneagair a bhaineann le costais imeachtaí, iompair agus lóistín, agus le costais sábháilteachta agus slándála.

12. Tarraingt siar roinnt cathracha agus tíortha is iarrthóirí as mórimeachtaí spóirt a eagrú san Aontas, an laghdú atá ar líon na mórimeachtaí spóirt a thionóltar san Aontas agus an laghdú ar leibhéal tacaíochta shaoránaigh na hEorpa i ndáil leis na himeachtaí spóirt sin a óstáil;⁷
13. An tsuim bhreise atá ag tíortha de chuid an Aontais agus ag cónaidhmeanna spóirt roinnt mórimeachtaí spóirt a óstáil go comhpháirteach i dtíortha, i réigiúin agus i gcathracha éagsúla;

CUIREANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS I bhFÍOS GO LÁIDIR

14. An ról atá ag na húdaráis phoiblí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil baint acu le mórimeachtaí spóirt, a mhéid a bhaineann le maoiniú, le bonneagar, le cosaint an chomhshaoil, le sábháilteacht agus le slándáil, mar shampla, mar aon le hinbhuanaitheacht agus le leagáid na mórimeachtaí spóirt a phleanáil agus a áirithiú;
15. Bítear ag súil leis go ndéanann eagraíochtaí spóirt bainistiú ar a n-imeachtaí spóirt i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha aitheanta an dea-rialachais, amhail trédhearcacht, próisis dhaonlathacha, seiceálacha agus cothromaíochtaí agus dlúthpháirtíocht, i bhfianaise eagrú an spóirt, a dhéantar, go bunúsach, ar bhonn féinrialáilte;
16. An tábhacht a bhaineann le hidirphlé agus le comhar neartaithe agus leanúnach idir údaráis phoiblí agus eagraíochtaí spóirt, agus idirphlé iomchuí idir an tAontas agus an ghluaiseacht idirnáisiúnta spóirt mar thacaíocht dó, lena mbunaítear luachanna comhroinnte maidir le sláine, le trédhearcacht, le dea-rialachas agus le forbairt inbhuanaithe, chomh maith le comhaontuithe agus le socruithe comhpháirteacha agus leasanna agus freagrachtaí a chéile á gcur san áireamh;

⁷ Hover, P. et al. (2016): *Integrity and sport events, páipéar seasaimh*. Utrecht: Mulier Instituut (Márta 2016).

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT DÁ RÉIR SIN AN MÉID SEO A LEANAS
A DHÉANAMH,
AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á THABHAIRT AR AIRD ACU:

17. Sláine, trédhearcacht agus dea-rialachas a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i mórimeachtaí spóirt, le linn gach céim den imeacht (indéantacht, tairiscint, ullmhú, eagrú, meastóireacht agus leagáid), lena n-áirítear sa tréimhse tar éis dhúnadh an imeachta, agus aghaidh á tabhairt ar na geallsealbhóirí go léir atá bainteach mar chomhpháirtithe san imeacht, trí thionscnaimh amhail an méid seo a leanas:
- a) Úsáid nósanna imeachta atá trédhearcach agus daonlathach a áirithiú le linn céimeanna uile na mórimeachtaí spóirt agus é a chur de cheanglas ar na comhpháirtithe eile go léir amhlaidh a dhéanamh, agus aird ar leith á tabhairt ar an bpobal a chur ar an eolas agus a rannpháirtiú, ar thuairisciú, ar iniúchadh agus ar mheastóireacht neamhspleách a dhéanamh, ar chuntasacht, agus ar anailís costais agus tairbhí ar féidir brath uirthi a dhéanamh roimh an gcinneadh faoin tairiscint;
 - b) Critéir thrédhearcacha agus ábhartha a úsáid maidir le tacaíocht phoiblí a thabhairt do na heagraíochtaí lena mbaineann, agus iarraidh á déanamh, mar shampla, maidir le cur chun feidhme bhunphrionsabail an dea-rialachais, agus le trédhearcacht agus le daonlathas nósanna imeachta na n-eagraíochtaí sin;
 - c) A iarraidh ar na geallsealbhóirí go léir atá bainteach mar chomhpháirtithe i mórimeachtaí spóirt cloí le caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh amhail Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, ISO 26000 agus ISO 20121;
 - d) Prionsabail thrédhearcacha agus ábhartha a úsáid mar bhunús chun tacú le mórimeachtaí spóirt, maidir le saincheisteanas sonracha i leith na sláine, amhail cearta an linbh agus cearta na n-oibrithe agus comhionannas inscne, mar aon le cosc a chur ar gach cineál idirdhealaithe agus ar na bagairtí ar shláine an spóirt, amhail dópáil, cúbláil cluichí agus foréigean;

18. Leagáid fhadtéarmach dhearfach na mórimeachtaí spóirt a áirithiú mar chuid den dea-rialachas, mar aon leis an inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil i gcomhthéacs na forbartha uirbí agus réigiúnaí i mBallstáit AE;

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH LAISTIGH DÁ nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH

19. Sláine, trédhearcacht, dea-rialachas, inbhuanaitheacht agus leagáid na mórimeachtaí spóirt a ionchorprú san obair a dhéanfar amach anseo i leith an spóirt ar leibhéal AE, lena n-áirítear malartú faisnéise agus plé faoi ábhair ábhartha i ndáil le mórimeachtaí spóirt a éascú;
20. Tacú le cur chun feidhme critéar agus nósanna imeachta a bhaineann leis an tsláine, leis an trédhearcacht agus leis an dea-rialachas, lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus leagáid na mórimeachtaí spóirt, más iomchuí, bunaithe ar na treoirlínte agus ar na moltaí atá ann cheana agus i gcomhréir le dearbhuithe agus le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta, ar dearbhuithe agus caighdeáin iad a d'fhéadfadh na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla a úsáid mar phointí tagartha i gcomhair tacaíocht ón bpobal do mhórimeachtaí spóirt;
21. Samhlacha le haghaidh comhar poiblí-príobháideach a aithint agus a fhorbairt agus dea-chleachtais maidir leis an gcomhar seo a mhalartú, ar dea-chleachtais iad a d'fhéadfadh na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla a úsáid agus comhaontuithe comhpháirtíochta á ndéanamh acu chun mórimeachtaí spóirt a eagrú agus aird ar leith á tabhairt ar imeachtaí spóirt a réachtáiltear i dtíortha, i réigiúin agus i gcathracha iomadúla;

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH

22. Staidéar a sheoladh maidir le mórimeachtaí spóirt a óstáil i dtíortha agus i réigiúin iomadúla laistigh d'AE, agus baic riaracháin agus reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach á gcur san áireamh mar aon leis na tionchair a mheastar a bheidh ag na himeachtaí sin;
23. Tacú le tionscadail thrasnáisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, le taighde neamhspleách ar shláine, ar thrédhearcacht agus ar dhea-rialachas na mórimeachtaí spóirt lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus leis an leagáid, faoi chuimsiú cláir mhaoiniúcháin AE amhail Erasmus + agus Fís 2020;
24. Spreagadh a thabhairt chun dea-chleachtais agus taithí foghlama a roinnt agus a fhoilsiú agus aistriú eolais idir Ballstáit agus an ghluaiseacht spóirt a éascú maidir le sláine, thrédhearcacht agus dea-rialachas na mórimeachtaí spóirt, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus leis an leagáid chomh maith le tacaíocht agus spreagadh a thabhairt chun modhanna agus uirlisí a aithint, agus, más gá, a fhorbairt, lena n-áirítear:
 - a. anailísí iontaofa costas agus sochar;
 - b. tacaíocht an phobail a thomhas;
 - c. tionchair agus leagáidí sóisialta eacnamaíocha agus comhshaoil na mórimeachtaí spóirt a thomhas;
 - d. meastóireacht sheachtrach neamhspleách a dhéanamh ar mhórimeachtaí spóirt;
25. Córas éadrom faireacháin a fhorbairt, amhail bord gealltanais nó trí Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe a úsáid d'fhonn an dul chun cinn i dtreo na sláine, na thrédhearcachta agus an dea-rialachais a thomhas chun eagraíochtaí na mórimeachtaí spóirt a óstáil sna Ballstáit ;

IARRANN SIAD AR AN nGLUAISEACHT IDIRNÁISIÚNTA SPÓIRT, AGUS NEAMHSPLEÁCHAS AN SPÓIRT Á CHUR SAN ÁIREAMH, FÉACHAINT LE

26. Leanúint de mhórimeachtaí spóirt atá inrochtana tarraingteach a eagrú, ar suaitheantas mórthaibhseach iad le haghaidh luachanna dearfacha an spóirt agus ról an spóirt sa tsochaí agus an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn;
27. Cur chun feidhme bhunphrionsabail an dea-rialachais a spreagadh, as a leanann an trédhearcacht, próisis dhaonlathacha, seiceálacha agus cothromaíochtaí agus an dlúthpháirtíocht maidir le mórimeachtaí spóirt a eagrú agus féachaint le caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh amhail Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus ISO 26000 agus 20121;
28. An tsláine, an trédhearcacht agus an dea-rialachas a chur chun cinn agus a chur chun feidhme sna mórimeachtaí spóirt, le linn na gcéimeanna éagsúla den imeacht lena n-áirítear an fhéidearthacht, an tairiscint, an t-ullmhúchán, an t-eagrúchán, an mheastóireacht agus an leagáid, agus dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí go léir atá rannpháirteach mar chomhpháirtithe san imeacht;
29. Nósanna imeachta trédhearcacha daonlathacha a úsáid le linn na gcéimeanna go léir de mhórimeachtaí spóirt agus ceangal a chur ar na comhpháirtithe go léir eile déanamh amhlaidh, agus aird ar leith á tabhairt ar na heagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla spóirt, agus ar an bpobal trí chéile, a choinneáil ar an eolas agus a chur san áireamh, agus ar an tuairisciú neamhspleách, ar an iniúchóireacht, ar an meastóireacht agus ar an gcuntasacht;
30. Catalóg de cheanglais réadúla a fhorbairt agus a fhoilsiú le linn na céime tairisceana de na mórimeachtaí spóirt lena n-áirítear nósanna imeachta trédhearcacha roghnúcháin agus critéir ábhartha roghnúcháin le haghaidh dhámhachtain na mórimeachtaí spóirt, maidir le saincheistean sonracha i leith na sláine amhail cearta an duine, lena n-áirítear cearta na leanaí agus cearta na n-oibrithe agus an comhionannas inscne, mar aon le cosc a chur le gach cineál idirdhealaithe agus le bagairtí ar shláine an spóirt amhail an dópáil, an chúbláil cluichí agus an foréigean;

31. Inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil agus leagáid fhadtéarmach dhearfach na mórimeachtaí spóirt a chur chun cinn go gníomhach mar chuid den dea-rialachas, i gcomhréir le ceanglais an chonartha leis an eagraíocht is ósta agus faireachán a dhéanamh ar an imeacht⁸;

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS
AR AN nGLUAISEACHT IDIRNÁISIÚNTA SPÓIRT LAISTIGH DÁ nINNIÚLACHTAÍ
FAOI SEACH

32. Leanúint agus cur leis an idirphlé idir na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an ghluaiseacht spóirt i ndáil leis an tsláine, leis an trédhearcacht agus leis an dea-rialachas lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus leagáid na mórimeachtaí spóirt;
33. Teacht ar chomhaontú maidir le clár oibre comhroinnte, ag tosú, ar an gcéad ásc, leis an nGluaiseacht Oilimpeach agus leis na heagraíochtaí sacair idirnáisiúnta atá freagrach, agus é mar aidhm leis leathnú amach go dtí cónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt eile, chun feabhas a chur ar an tsláine, ar an dea-rialachas agus ar an trédhearcacht le linn na gcéimeanna go léir de na mórimeachtaí spóirt, agus dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí go léir a bhfuil baint acu leis an gcomhpháirtíocht is gá chun na himeachtaí sin a eagrú, agus ar an dóigh sin acmhainneacht dhearfach, inbhuanaitheacht agus leagáid na mórimeachtaí a bhíogadh agus muinín shaoránaigh an Aontais a athghabháil;
34. Gníomhaíochtaí coiteanna a ghabháil de láimh, amhail:
- a) treoirshamhlacha a fhorbairt le haghaidh comhar poiblí-príobháideach lena n-úsáid chun mórimeachtaí spóirt a eagrú ar an leibhéal náisiúnta;
 - b) cód iompair a fhorbairt do na páirtithe poiblí agus príobháideacha go léir a bhfuil baint acu le mórimeachtaí spóirt a óstáil, más iomchuí;

⁸ Tuarascáil an XG ECO, moltaí 1 go 7 agus 21, go háirithe.

- c) faisnéis a mhalartú agus ábhair maidir le mórimeachtaí spóirt amach anseo a phlé amhail an inbhuanaitheacht agus an leagáid, critéir a bhaineann leis an tsláine agus leis an dea-rialachas, éilimh shonracha comhlachas agus costais ghaolmhara, baic riaracháin agus reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal Eorpach agus timpeallacht shlán shábháilte le haghaidh na n-imeachtaí;
- d) samhlacha atá ann cheana a úsáid agus, más iomchuí, samhlacha nua comhpháirteacha il tíre de mhórimeachtaí spóirt a fhorbairt;
- e) lucht eagraithe na n-imeachtaí a spreagadh chun suirbhé a dhéanamh ar thionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an imeachta ar an tír, ar an réigiún nó ar an gcathair is ósta i ndiaidh chlabhsúr an imeachta;

35. Idirphlé ardleibhéil rialta a eagrú mar chuid d'idirphlé struchtúrtha AE maidir leis an spórt⁹, le hionadaithe rialtais, le hionadaithe ón ngluaiseacht Oilimpeach Eorpach agus idirnáisiúnta agus le cónaidhmeanna Eorpacha agus idirnáisiúnta spóirt a bhfuil baint acu le mórimeachtaí spóirt, agus saineolaithe neamhspleácha, más iomchuí. Bunaithe ar chlár oibre comhroinnte agus ar ghníomhaíochtaí, amhail iad siúd a luaitear i mír 34, d'fhéadfaí na hábhair a bhaineann le mórimeachtaí spóirt, i gcás go roinneann rialtais agus eagraíochtaí spóirt na freagrachtaí, agus an malartú faisnéise, a phlé.

⁹ IO C 322, 27.11.2010